

Polasaí: Mí-Úsáid Substaintí sa Scoil

Réasúnacht

Chuir muid an polasaí seo le chéile chun

- go gcloífidh muid le h-Acht Oideachas 1998.
- go gcuirfimid oideachas sláinte ar fáil do na páistí chun go mbeidh eolas acu faoi na drugaí agus an dochar atá ag baint leo.
- go gcuirfimid oideachas sláinte ar fáil do na páistí chun go mbeidh siad ábalta déileáil le brú ó dhaoine eile amach anseo.

An Gaol le Spiorad Sainiúil na Scoile

Bíonn meon agus atmaisféar dearfa scoile ann má luacháiltear gach duine aonair, má bhíonn meas ar agus má dhéantar cúram de. Cuireann atmaisféar dá leithead seo le múineadh agus foghlaim éifeachtach agus fíorchumarsáide taobh istigh agus taobh amuigh den scoil.

Chun meon agus atmaisféar dearfa a chruthú tá sé ar intinn againn:

- cumarsáide taobh istigh den scoil a mhéadú.
- freastal ar riachtanais ar leith.
- timpeallacht fhisiceach a chuireann le sláinte a chruthú.

Beidh an-cheangail idir an polasaí seo agus forbairt iomlán an pháiste i OSPS. Go mbeidh na páistí ábalta dul amach sa t-saoil mór amach anseo agus saol sláintiúil a chaitheamh.

Aidhmeanna

- eolas a thabhairt do na páistí faoi substaintí chun go mbeidh siad ábalta fanacht sábháilte agus go mbeidh féin mhuinín acu seasamh in éadan ‘peer pressure’.
- go mbeadh a fhios ag an fhoireann agus An Bord Bainistíocht na céimeanna le glacadh dá dtarlóidh eachtra maidir le mí-úsáid substaintí.
- go mbeadh an fhoireann ábalta na comharthaí a aithint.
- go mbeadh an t-eolas ag an múinteoir chun ceacht a dhéanamh leis an rang.
- go mbeadh na tuismitheoirí ar an eolas faoin ábhar atá a theagasc tríd bileoga oibre. Go dtabharfadh an fhoireann Garda isteach le eolas a thabhairt dóibh gach cúpla bliain.

Ábhar an Pholasaí

Seo iad a leanas na nósanna imeachta atá sa scoil:

- níl cead ag duine ar bith toitíní nó drugaí nó alchól a ghlacadh taobh istigh nó faoi thimpeallacht na scoile.
- tá polasaí sa scoil faoi chógais.
- stóráiltear substaintí glanadh srl. i bprios atá faoi ghlas.

Oideachas

- Déanfaidh gach múinteoir ceachtanna le rang s'acu féin mar pháirt OSPS, /Walk Tall.
- Tiocfaidh cainteoir ón Bhord Sláinte, Garda srl chun na scoile le labhairt leis na páistí.
- Cuirfear oideachas ar fáil de thuismitheoirí chun go mbeidh siad ar an eolas faoin chineál drugaí atá ar fháil agus faoin chineál comharthaí le h-amharc amach fá na choinne. Tabharfar Garda isteach le labhairt leo chomh maith.

Dé réir an Bord Bainistíocht níl cead ag na páistí buidéal Tip-pex, superglue nó permanent markers a thabhairt isteach sa scoil.

Tá péint, ábhar glanadh srl. a faoi ghlas.

Bainistíocht ar eachtraí a bhaineann le halcól, tobac agus drugaí

Seo a leanas na céimeanna atá leagtha amach ag an Bhord Bainistíochta le déileáil le mí-úsáid substaintí:

Toitíní:

- Labhairt leis na thuismitheoirí faoi.
- An cas a thabhairt os comhar an Bord.

Alcól:

- Labhairt leis na thuismitheoirí.
- Cormac Scully ó Addiction Services for Adolescence a thabhairt isteach le labhairt leis na páistí.
- Cruinniú leis na thuismitheoirí uilig.

Drugáí

- Labhairt leis na tuismitheoirí.
- Labhairt le Cathaoirleach an Bhoird.
- An t-Sáirsint Wallace a thabhairt isteach.

Soláthar le haghaidh oiliúna agus forbairt foirne

- Tá sraith leabhair ar fáil sa scoil don fhoireann ina bhfuil eolas iontu faoi mhí-úsáid substaintí.
- Tá cúrsaí déanta ag cuid den fhoireann (cúrsaí insheirbhís SPHE i.e Walk Tall). Má thagann cúrsaí eile aníos beidh baill don fhoireann sásta freastal orthu agus an t-eolas a thabhairt don chuid eile don fhoireann.
- Beidh an polasaí seo ar fháil do bhaill úr den fhoireann.

Má tá tacaíocht dé dhíth ar an scoil maidir le substaintí gheobhaidh an fhoireann i dteagmháil leis:

An Bord Sláinte
Garda 9548102
Cathaoirleach an Bord Bainistíocht 9548111

Critéir Rathúlachta

Cén dóigh a mbeidh a fhios againn go bhfuil sé ag obair:

- breathnú an múinteoir.
- eolas óna tuismitheoirí
- plé a dhéanamh leis na páistí faoi.

